Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**17055/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0409 (COD)**

**SIMPL 221**
**ANTICI 223**
**AGRI 738**
**AGRILEG 211**
**ENV 1433**
**PESTICIDE 29**
**PHYTOSAN 62**
**VETER 132**
**DENLEG 66**
**MI 1086**
**FOOD 119**
**CODEC 2189**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 1021 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 98/58/CE ón gComhairle agus Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le sábháilteacht bia agus beatha a shimpliú agus a neartú, agus lena n-aisghairtear Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 1021 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 1021 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 1021 final

2025/0409 (COD)

**Pacáiste Omnibus Simpliúcháin**

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 98/58/CE ón gComhairle agus Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le sábháilteacht bia agus beatha a shimpliú agus a neartú, agus lena n-aisghairtear Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE ón gComhairle**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Tá an togra mar chuid den phacáiste simpliúcháin reachtach trasearnálach a fógraíodh i bhFís an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia[1], arb é is aidhm dó ualaí rialála nach bhfuil gá leo a laghdú agus ardchaighdeáin maidir le sábháilteacht bia agus beatha á gcoinneáil ar bun an tráth céanna, agus sláinte an duine agus sláinte ainmhithe, agus an comhshaol, a chosaint. Go sonrach, is é is aidhm don tionscnamh seo forálacha agus nósanna imeachta áirithe de na gníomhartha seo a leanas a shimpliú:

**Treoir 2009/128/CE**[2]: D'fhéadfaí dróin[3] a úsáid chun lotnaidicídí a leathadh ar bhealach níos spriocdhírithe agus, i gcásanna áirithe, d'fhéadfadh riosca níos ísle a bheith ag baint leo don oibreoir agus don chomhshaol ná teicneolaíochtaí leata talamhbhunaithe. Faoi láthair, áfach, cumhdaítear iad leis an toirmeasc ginearálta ar aerspraeáil faoi Threoir 2009/128/CE, agus eascraíonn ualach mór riaracháin ar úsáideoirí gairmiúla agus ar údaráis inniúla na mBallstát as maoluithe aonair a dheonú agus a fháil lena n-úsáid. Sainaithníodh é sin mar an t-ualach is mó sa mheastóireacht ar an Treoir a rinneadh in 2022[4]. Tá tionchar an ualaigh sin ag dul i méid de réir mar a mhéadaíonn deiseanna chun lotnaidicídí a leathadh trí dhróin a úsáid, rud a chuireann bac ar fhorbairt agus ar ghlacadh na teicneolaíochta nuálaí sin san Aontas. Ag an gcruinniú a bhí ag an gComhairle Talmhaíochta agus Iascaigh i mí na Nollag 2024, thacaigh roinnt Ballstát le páipéar[5] lenar iarradh go n-áireofaí sa Treoir critéir áirithe chun úsáid drón a éascú amhail na cinn a sainaithníodh cheana i dtogra roimhe seo ón gCoimisiún[6] (a tarraingíodh siar ó shin[7]). Dá bhrí sin, tá sé beartaithe go dtabharfar isteach sa Treoir an fhéidearthacht do na Ballstáit maolú ginearálta a dheonú ar an toirmeasc ar aerspraeáil le haghaidh cineálacha áirithe drón a shainaithneoidh an Coimisiún i ngníomh tarmligthe. Bheadh leathadh lotnaidicídí ag dróin faoi réir an choinníll nach mór na táirgí cosanta plandaí faoi seach a údarú go sainráite faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 lena leathadh ag dróin. Dá bhrí sin, tabharfaidh an Coimisiún sainordú don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) treoirdhoiciméad a fhorbairt maidir leis an measúnú riosca chun táirgí cosanta plandaí a údarú le haghaidh leathadh ón aer faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus rachaidh sé i

---

1 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia: Earnáil tharraingteach feirmeoireachta agus agraibhia a mhúnlú le chéile le haghaidh na nglúnta atá le teacht, COM/2025/75, https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:52025DC0075.

2 Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lgh. 71–86, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj).

3 Tagraítear do dhróin mar 'chórais aerárthaí gan foireann' sa togra seo.

4 Staidéar lena dtacaítear leis an Meastóireacht ar Threoir 2009/128/CE maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus Measúnú Tionchair ar an athbhreithniú féideartha uirthi: Tuarascáil Chríochnaitheach na Meastóireachta, lgh. 78-79.

5 Mír faoi aon ghnó eile ag an gcruinniú den Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh an 9 agus an 10 Nollaig 2024: An gá atá le reachtaíocht iomchuí a bhunú maidir le dróin a úsáid chun cur le hathléimneacht na gcóras talmhaíochta, https://data.consilium.europa.eu/doc/document/ST-16521-2024-INIT/en/pdf

6 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (2022/0196 (COD)).

7 Tarraingt Siar Tograí ón gCoimisiún, IO C, C/2024/3117, 6.5.2024, http://data.europa.eu/eli/C/2024/3117/oj.

gcomhairle le EFSA agus leis na Ballstáit agus an gníomh tarmligthe á ullmhú lena liostófar na cineálacha drón a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh na haerspraeála. Leanfadh leathadh lotnaidicídí ag dróin de bheith faoi réir cheanglais eile na Treorach freisin, lena n-áirítear na ceanglais sin lena rialaítear oiliúint agus cigireacht trealaimh. Ina theannta sin, leanfaidís de bheith faoi réir ceanglais mhionsonraithe i reachtaíocht eile de chuid an Aontais[8], lena n-áirítear maidir le hinniúlacht cianphíolótaí, na teorainneacha oibríochtúla chun an riosca do dhaoine agus d'aerárthaí eile a laghdú agus na paraiméadair theicniúla is infheidhme maidir leis na cineálacha drón a úsáidtear.

**Treoir 98/58/CE**[9]: Faoi láthair, ceanglaítear ar úinéirí nó coimeádaithe ainmhithe a choimeádtar chun críoch feirmeoireachta taifid a choimeád ar chóireálacha íocshláinte a thugtar d'ainmhithe agus ar an líon básanna mar chuid den treoir chothrománach maidir le leas ainmhithe a choimeádtar ar fheirmeacha. Ceanglaítear coimeád taifead den chineál céanna leis an Rialachán maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus leis an Rialachán maidir le sláinte ainmhithe faoi seach. Cé go ndéanfar breithniú ar an bhféidearthacht tuilleadh simplithe a dhéanamh d'fheirmeoirí i gcoitinne agus reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe á nuachóiriú faoin bh*Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia*[10], seachnófar leis an omnibus seo cheana féin dúbailt na gceanglas maidir le coimeád taifead d'fheirmeoirí trí Threoir 98/58/CE a leasú ina leith sin.

**Treoir 82/711/CEE**[11] **agus Treoir 85/572/CEE**[12]: Le Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004[13], soláthraítear an creat dlíthiúil is infheidhme maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia. Tháinig sé in ionad Threoir 89/109/CEE ón gComhairle agus d'aisghair sé an Treoir sin.

Le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, cumhachtaítear an Coimisiún bearta sonracha a ghlacadh maidir leis na hábhair agus na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún beart sonrach maidir le hábhair phlaisteacha bia-thadhaill, níor aisghaireadh le Rialachán Uimh. 1935/2004 Treoracha 82/711/CEE ná 85/572/CEE ón gComhairle, lenar leagadh síos na rialacha is gá chun tástáil a dhéanamh ar ascnamh na gcomhábhar ábhar agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia-ábhair, lena n-áirítear liosta na n-ionsamhlach, atá le húsáid chuige sin le haghaidh catagóirí sonracha bia.

---

8 Féach mar shampla Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú córas aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 45); Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/945 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 maidir le córais aerárthaí gan foireann agus maidir le hoibreoirí tríú tír de chórais aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, lch. 1).

9 Treoir 98/58/CE ón gComhairle an 20 Iúil 1998 maidir le hainmhithe a choinnítear chun críocha feirmeoireachta a chosaint (IO L 221, 8.8.1998, lgh. 23–27, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/58/oj).

10 https://agriculture.ec.europa.eu/overview-vision-agriculture-food/vision-agriculture-and-food_en

11 Treoir 82/711/CEE ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 1982 lena leagtar síos na bunrialacha is gá chun ascnamh na gcomhábhar ábhar agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia-ábhair a thástáil (IO L 297, 23.10.1982, lgh. 26-30, ELI:http://data.europa.eu/eli/dir/1982/711/oj).

12 Treoir 85/572/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1985 lena leagtar síos liosta na n-ionsamhlach atá le húsáid chun ascnamh na gcomhábhar ábhar agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia-ábhair a thástáil (IO L 372, 31.12.1985, lgh. 14-21, ELI:http://data.europa.eu/eli/dir/1985/572/oj).

13 Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le hábhair agus le hearraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia, agus lena n-aisghairtear Treoir 80/590/CEE agus Treoir 89/109/CEE (IO L 338, 13.11.2004, lgh. 4–17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2004/1935/oj).

Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún[14] an 14 Eanáir 2011 mar bheart sonrach le haghaidh ábhair agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia. Cumhdaítear le Rialachán Uimh. 10/2011 na hábhair a rialaítear le Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE. Dá bhrí sin, is iomchuí Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE a aisghairm ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na leasuithe ar Threoir 2009/128/CE i gcomhréir le haidhmeanna foriomlána na Treorach sin, is é sin, na rioscaí agus an tionchar a bhaineann le húsáid lotnaidicídí ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a laghdú. Dá n-éascófaí úsáid níos mó drón agus na coimircí is gá i bhfeidhm, d'fhéadfaí táirgí cosanta plandaí a leathadh ón aer ar bhealach spriocdhírithe, d'fheabhsófaí sábháilteacht oibreoirí agus laghdófaí úsáid fhoriomlán agus riosca lotnaidicídí.

Ós rud é go bhfuil coimircí do shláinte agus leas ainmhithe fós i bhfeidhm, tá an leasú ar Threoir 98/58/CE i gcomhréir le cuspóir foriomlán na Treorach sin, i.e. leas ainmhithe ar fheirmeacha a chosaint.

Ós rud é go gcumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 na hábhair a rialaítear le Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE, aisghairtear na Treoracha sin ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá rannchuidiú na ndrón le laghdú lotnaidicídí trí leathadh níos spriocdhírithe mar chuid den talmhaíocht bheacht comhsheasmhach le cuspóir an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip gur cheart do bheartais uile an Aontais rannchuidiú le caipiteal nádúrtha na hEorpa a chaomhnú agus a athbhunú[15].

Ghlac an Coimisiún *Straitéis maidir le Dróin 2.0* i mí na Samhna 2022. Tugtar faoi deara inti gur cheart do dhigitiú an gheilleagair iomaíochas an Aontais a neartú agus daoine a chumhachtú le glúin nua teicneolaíochtaí, gan aon duine a fhágáil ar lár, i gcomhréir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta. Cuideoidh éiceachóras inmharthana drón le taighde, leis an nuálaíocht agus leis an bhfiontraíocht Eorpach a ghiaráil chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus an chláir don Eoraip Dhigiteach a bhaint amach, i gcomhréir go hiomlán leis an straitéis nua um fhás don Eoraip. [16]

Leagtar amach leis an *Straitéis maidir le Dróin 2.0* fís shoiléir do 2030 le haghaidh oibríochtaí mórscála drón atá uathoibrithe go mór, nasctha go digiteach, inacmhainne, sábháilte, slán agus neamhdhíobhálach don chomhshaol i roinnt Ballstát. Tá sé d'aidhm ag an bhfís go mbeidh tionscal drón an Aontais inmharthana agus inrochtana do shaoránaigh agus do ghnólachtaí an Aontais agus go mbeidh rannpháirtíocht ghníomhach gníomhaithe de gach

---

[14] Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 12, 15.1.2011, lgh. 1-89, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2011/10/oj).

[15] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'An Comhaontú Glas don Eoraip' COM/2019/640 final, EUR-Lex - 52019DC0640 - EN - EUR-Lex (europa.eu).

[16] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún, 'Straitéis maidir le Dróin 2.0 le haghaidh Éiceachóras Aerárthaí Cliste agus Inbhuanaithe gan Foireann san Eoraip', COM(2022) 652 final.

méid ann. Le héiceachóras na ndrón, soláthrófar poist, déanfar fios gnó teicneolaíoch na hEorpa a chur chun cinn agus a chosaint agus cuirfear deiseanna fáis ar fáil do gheilleagar an Aontais ina iomláine. [17] Le leasuithe spriocdhírithe ar Threoir 2009/128/CE chun úsáid drón a cheadú gan gá le hiarratas a dhéanamh ar mhaolú aonair, d'fhreastalófaí ar na haidhmeanna níos leithne sin maidir le fás eacnamaíoch.

Tá an leasú atá beartaithe ar Threoir 2009/128/CE i gcomhréir freisin le huaillmhian an Choimisiúin ina Theachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú chun an t-ualach rialála a laghdú go mór do dhaoine, do ghnólachtaí agus do riaracháin, chun borradh a chur faoin rathúnas agus faoin athléimneacht agus chun deiseanna, nuálaíocht agus fás a scaoileadh[18].

Trí dheireadh a chur le ceanglais chomhthreomhara maidir le coimeád taifead, déantar foráil leis an leasú ar Threoir 98/58 maidir le creat níos cuíchóirithe agus níos comhleanúnaí lena simplítear comhlíontacht d'fheirmeoirí agus lena n-áirithítear bunús dlí níos soiléire d'fhorfheidhmiú ag na húdaráis inniúla. Tá sé sin i gcomhréir le cur chuige foriomlán an Choimisiúin chun an t-ualach riaracháin a laghdú, agus lena uaillmhian comhlíontacht níos fearr agus forfheidhmiú éifeachtach rialacha an Aontais maidir le leas ainmhithe a áirithiú.

Trí Threoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE a aisghairm, a rialaítear a n-ábhair faoi láthair le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011, cuireann an Coimisiún prionsabail na rialála níos fearr san áireamh agus ráthaíonn sé deimhneacht dhlíthiúil do na hoibreoirí i réimse na n-ábhar plaisteach bia-thadhaill.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 43(2), Airteagal 114 agus Airteagal 192(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

I gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta, ní ghníomhóidh an tAontas, sna réimsí nach dtagann faoi réim a inniúlachta eisiaiche, ach amháin mura féidir agus a mhéad nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí na gníomhaíochta atá beartaithe a bhaint amach go leordhóthanach. Chun aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí a eascraíonn as ualaí riaracháin a bhaineann le nós imeachta iarratais aonair le haghaidh leathadh lotnaidicídí ón aer, ní mór Treoir 2009/128/CE a leasú, rud nach féidir a dhéanamh ach ar leibhéal an Aontais. Ar an gcaoi chéanna, chun dúbailt na gceanglas maidir le coimeád taifead ar bhásmhaireacht agus ar úsáid leigheas tréidliachta a dhíchur, ní mór Treoir 98/58/CE a leasú, rud nach féidir a dhéanamh ach oiread ach ar leibhéal an Aontais. Ar deireadh, ní féidir aisghairm Threoracha 82/711/CEE ná 85/572/CEE chun deimhneacht dhlíthiúil a ráthú a bhaint amach ach ar leibhéal an Aontais. Dá bhrí sin, urramaítear prionsabal na coimhdeachta.

- **Comhréireacht**

Ní théann an tionscnamh thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí maidir le simpliú agus laghdú ualaigh a bhaint amach gan cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a laghdú.

---

17 *Ibid*.

18 An Coimisiún Eorpach 2024-2029, Eoraip níos simplí agus níos tapúla: Teachtaireacht maidir le cur chun feidhme agus simpliú.

Ní leasaítear leis an togra Treoir 2009/128/CE ná Treoir 98/58/CE ach a mhéid is gá chun na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach.

Aisghairtear Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE ach rialaítear a n-ábhair faoi láthair le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011.

- **An rogha ionstraime**

Is togra reachtach é an togra le haghaidh athbhreithniú, ós rud é gur glacadh na Treoracha ábhartha atá le leasú/le haisghairm trí nós imeachta comhchinnteoireachta/gnáthnós imeachta reachtach. Ós rud é go leasaítear dhá threoir agus go n-aisghairtear dhá threoir eile leis an togra reachtach omnibus seo, is í Treoir an ionstraim dlí is iomchuí.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Tá doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin ag gabháil leis an togra seo ina bhfuil forbhreathnú mionsonraithe ar thionchair dhearfacha na leasuithe atá beartaithe ar Threoracha 2009/128/CE agus 98/58/CE, bunaithe ar shonraí agus ar fhaisnéis atá ann cheana a bailíodh le linn an ghlao ar fhianaise agus na n-anailísí a rinneadh roimhe sin. Áirítear leis sin tarraingt ar mheastóireacht ex post ar Threoir 2009/128/CE a rinneadh idir mí na Bealtaine 2020 agus mí an Mheithimh 2022[19] mar chuid de mheastóireacht agus measúnú tionchair comhcheangailte maidir lena hathbhreithniú féideartha.

Ní gá measúnú tionchair ná comhairliúchán le páirtithe leasmhara a dhéanamh chun Treoracha 82/711/CEE ná 85/572/CEE a aisghairm toisc go gcuirtear gníomhartha dlí níos déanaí in ionad fhorálacha na dtreoracha.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tar éis sheiceáil oiriúnachta an Choimisiúin, a tugadh i gcrích in 2022, chuir páirtithe leasmhara ábhair imní in iúl maidir leis an ualach riaracháin a eascraíonn as reachtaíocht an Aontais maidir le leas ainmhithe atá ann faoi láthair. Mar shampla, sa chomhairliúchán poiblí lenar tacaíodh leis an tseiceáil oiriúnachta, mheas 75 % de chuideachtaí agus d'eagraíochtaí gnó (495 as 660) go raibh na rialacha atá ann faoi láthair maidir le leas ainmhithe ródhian agus/nó róchostasach d'fheirmeoirí. Sna hagallaimh le páirtithe leasmhara a rinneadh freisin chun tacú leis an tseiceáil oiriúnachta, thagair eagraíocht ghnó amháin go sonrach d'fhadhbanna a bhaineann le coimeád taifead ar leibhéal na feirme ina leith sin[20]. Mar a

---

19 Féach an Staidéar lena dtacaítear leis an Meastóireacht ar Threoir 2009/128/CE maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus Measúnú Tionchair ar an athbhreithniú féideartha uirthi: [Tuarascáil Chríochnaitheach na Meastóireachta](#).

20 Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, *Fitness Check of the EU Animal Welfare Legislation* [Seiceáil Oiriúnachta ar Reachtaíocht an Aontais maidir le Leas Ainmhithe] (SWD(2022) 329 final), lch. 119.

thugtar faoi deara thuas, sainaithníodh gurb é an t-ualach riaracháin a bhaineann le maoluithe aonair an t-ualach is mó sa mheastóireacht a rinneadh ar Threoir 2009/128/CE in 2022[21].

Níl sé sin infheidhme maidir le Treoracha 82/711/CEE ná 85/572/CEE a aisghairm ar na cúiseanna a mhínítear thuas.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Rinneadh moltaí éagsúla maidir le simpliú ó pháirtithe leasmhara a bhaineann le deireadh a chur le hualach riaracháin iomarcach a eascraíonn as an toirmeasc ar aerspraeáil faoi Threoir 2009/128/CE, agus ceanglais chomhthreomhara maidir le coimeád taifead ar chóireálacha íocshláinte agus ar bhásmhaireacht ainmhithe faoi Threoir 98/58/CE. Ina theannta sin, leis an taithí a fuarthas ó Threoir 2009/128/CE a chur chun feidhme agus leis na torthaí ó iniúchtaí an Choimisiúin sna Ballstáit agus ag tarraingt ar mheastóireacht ex post ar Threoir 2009/128/CE a rinneadh idir mí na Bealtaine 2020 agus mí an Mheithimh 2022[22], cuireadh bonn eolais faoi thuiscint an Choimisiúin ar an ábhar sin.

Níl sé sin infheidhme maidir le haisghairm Threoracha 82/711/CEE ná 85/572/CEE ar na cúiseanna a mhínítear thuas.

- **Measúnú tionchair**

Is bearta fíortheicniúla iad na bearta simpliúcháin atá beartaithe. Níl aon rogha inmharthana eile ann chun na cuspóirí a bhaint amach, agus ní athraíonn na bearta atá beartaithe príomhchuspóirí beartais ná ní thugann siad isteach oibleagáidí móra nua. Ar na cúiseanna sin, ní bheadh breisluach ag baint le measúnú tionchair iomlán. Ina ionad sin, tá doiciméad inmheánach oibre anailíseach ag gabháil leis an togra. Mínítear go soiléir sa doiciméad na bearta atá beartaithe agus cuirtear i láthair an fhianaise bhunúsach, an anailís agus tuairimí na bpáirtithe leasmhara, agus déantar meastachán ar an gcoigilteas costais a d'fhéadfadh a bheith ann freisin.

Ina theannta sin, cuirtear bonn eolais faoin leasú atá beartaithe ar Threoir 2009/128/CE le measúnú tionchair[23] a rinne an Coimisiún le déanaí idir mí na Bealtaine 2020 agus mí an Mheithimh 2022 i ndáil leis an togra le haghaidh rialachán maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí atá tarraingthe siar anois[24].

Níl sé sin infheidhme maidir le haisghairm Threoracha 82/711/CEE ná 85/572/CEE ar na cúiseanna a mhínítear thuas.

---

21 Staidéar lena dtacaítear leis an Meastóireacht ar Threoir 2009/128/CE maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus an Measúnú Tionchair ar an athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi: Tuarascáil Chríochnaitheach na Meastóireachta, lgh. 78-79.

22 Staidéar lena dtacaítear leis an Meastóireacht ar Threoir 2009/128/CE maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus an Measúnú Tionchair ar an athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi: Tuarascáil Chríochnaitheach na Meastóireachta.

23 Staidéar lena dtacaítear leis an Meastóireacht ar Threoir 2009/128/CE maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí agus an Measúnú Tionchair ar an athbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh uirthi: Tuarascáil Chríochnaitheach ar an Measúnú Tionchair.

24 Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le húsáid inbhuanaithe táirgí cosanta plandaí agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/2115 (2022/0196 (COD)).

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Tá an togra seo mar chuid de ghealltanas an Choimisiúin Eorpaigh an t-ualach rialála ar dhaoine, ar ghnólachtaí agus ar riaracháin san Aontas a laghdú chun borradh a chur faoi rathúnas agus athléimneacht an Aontais. Dá bhrí sin, is é is aidhm don togra forálacha na reachtaíochta maidir le sábháilteacht bia agus beatha a shimpliú, rud a laghdóidh na hualaí agus costais nach bhfuil gá leo do ghnólachtaí agus d'údaráis, gan an bonn a bhaint de chosaint shláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus an chomhshaoil.

- **Cearta bunúsacha**

Leis an togra, urramaítear na cearta bunúsacha agus comhlíontar na prionsabail a chumhdaítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus cloítear leis na luachanna a aithnítear ann. Ba cheart go mbeadh gnóthachain shochaíocha i dtéarmaí cruthú rachmais, fostaíochta agus nuálaíochta mar thoradh ar an laghdú ar an ualach riaracháin ar chuideachtaí. An tráth céanna, ní bhainfear an bonn leis an togra den chuspóir ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a áirithiú.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon chostas breise ar an gCoimisiún mar thoradh ar an tionscnamh seo.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Ní cheanglaítear leis na leasuithe ar Threoir 98/58/CE doiciméid mhíniúcháin maidir leis an trasuí toisc gur tarscaoileadh oibleagáidí iad do na Ballstáit agus ní chruthaítear leo forálacha nua atá le trasuí i ndlíthe náisiúnta.

Ní cheanglaítear leis na leasuithe ar Threoir 2009/128/CE doiciméid mhíniúcháin maidir leis an trasuí ach oiread toisc go gcumhachtaítear an Coimisiún leis an togra gníomh tarmligthe a ghlacadh amach anseo.

Ní cheanglaítear le haisghairm Threoracha 82/711/CEE ná 85/572/CEE aon doiciméad míniúcháin maidir leis an trasuí toisc gur cuireadh Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 in ionad a bhforálacha, atá infheidhme go díreach ó dháta a chur i bhfeidhm.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

- Treoir 98/58/CE

Faoi láthair ceanglaítear ar úinéirí nó coimeádaithe ainmhithe a choimeádtar chun críoch feirmeoireachta taifid a choimeád ar chóireálacha íocshláinte a thugtar d'ainmhithe agus ar an líon básanna i gcomhréir le pointí 5 agus 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 98/58/CE. Tá ceanglais níos mionsonraithe in Airteagal 108 de Rialachán (AE) 2019/6 maidir le coimeád taifead ar úsáid táirgí íocshláinte d'úinéirí nó do choimeádaithe bia-ainmhithe. Le hAirteagal 102(1)(d) agus Airteagal 186(1)(d) de Rialachán (AE) 2016/429, ceanglaítear ar oibreoirí taifid a choimeád agus a choinneáil ar bun ina bhfuil faisnéis maidir le básmhaireacht ainmhithe ina mbunaíochtaí. Ba cheart na hoibleagáidí a fhorchuirtear a shimpliú chun dúbláil na gceanglas maidir le coimeád taifead d'fheirmeoirí a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart pointí 5 agus 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 98/58/CE a scriosadh.

- Treoir 2009/128/CE

Déantar an sainmhíniú ar 'aerspraeáil' in Airteagal 3, pointe 5 de Threoir 2009/128/CE a thabhairt cothrom le dáta chun tagairt shonrach do chórais aerárthaí gan foireann (dróin) a áireamh, agus déantar foráil maidir le sainmhíniú ar chórais aerárthaí gan foireann i bpointe nua 5a d'Airteagal 3.

Le hAirteagal 9a nua, tugtar an fhéidearthacht do na Ballstáit cineálacha áirithe córas aerárthaí gan foireann (dróin) a dhíolmhú ón toirmeasc ar aerspraeáil dá bhforáiltear in Airteagal 9(1) de Threoir 2009/128/CE i gcás inar léirítear le measúnú go bhfuil na rioscaí comhionann nó níos ísle i gcomparáid leis na rioscaí a eascraíonn as trealamh leata talamhbhunaithe le haghaidh na húsáide céanna. Beidh an díolúine sin indéanta, nuair a bheidh gníomhartha tarmligthe glactha ag an gCoimisiún lena sainaithneofar na cineálacha drón a chomhlíonann an ceanglas sin. Cumhachtófar an Coimisiún na gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

- Treoir 82/711/CEE agus Treoir 85/572/CEE

Aisghairtear Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE ós rud é go rialaítear le Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 a n-ábhair ó dháta a chur i bhfeidhm.

2025/0409 (COD)

Togra le haghaidh

# TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

## lena leasaítear Treoir 98/58/CE ón gComhairle agus Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais maidir le sábháilteacht bia agus beatha a shimpliú agus a neartú, agus lena n-aisghairtear Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2), Airteagal 114 agus Airteagal 192(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], leagtar síos an creat dlíthiúil le haghaidh úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí (táirgí cosanta plandaí). Déantar foráil le hAirteagal 9(1) de Threoir 2009/128/CE maidir le toirmeasc ar aerárthach lotnaidicídí a aerspraeáil. Ceadaítear le hAirteagal 9(2) go (6) di maoluithe aonair ar an toirmeasc sin, faoi choinníollacha áirithe.

(2) Ó tháinig Treoir 2009/128/CE i bhfeidhm, is léir ón taithí a fuarthas go mbaineann ualach mór riaracháin d'úsáideoirí gairmiúla leis an nós imeachta um maoluithe aonair ar an toirmeasc ar aerspraeáil lotnaidicídí agus go gcuireann sé moill agus srian ar fhorbairt teicneolaíochtaí lena bhféadfaí roghanna níos sábháilte a dhéanamh do shláinte an duine agus don chomhshaol. Tá cineálacha áirithe córas aerárthaí gan foireann (dá ngairtear dróin de ghnáth) faoi choinníollacha ar leith in ann nochtadh an oibreora d'úsáid lotnaidicídí sa ghort a íoslaghdú agus d'fhéadfaidís a ligean d'úsáideoirí gairmiúla lotnaidicídí a leathadh ar bhealaí níos spriocdhírithe. Le córais aerárthaí gan foireann den sórt sin, is dócha go laghdófar úsáid lotnaidicídí agus, dá bhrí sin, go gcuideofar leis na rioscaí do shláinte an duine agus don chomhshaol a laghdú i gcomparáid le húsáid trealaimh leata talamhbhunaithe. Is iomchuí, dá bhrí sin, é a chur ar a gcumas do na Ballstáit na cineálacha sin córas aerárthaí gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc ar aerspraeáil dá bhforáiltear i dTreoir 2009/128/CE faoi choinníollacha áirithe.

(3) Chun cosaint shláinte an duine agus an chomhshaoil a áirithiú, is iomchuí a cheangal nach mbeidh feidhm ag díolúine den sórt sin ach amháin má údaraítear na lotnaidicídí

[1] Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat le haghaidh gníomhaíocht Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach (IO L 309, 24.11.2009, lgh. 71–86, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/128/oj).

go sainráite lena n-úsáid san aer ag córais aerárthaí gan foireann. Le húdarú sainráite lotnaidicídí den sórt sin le haghaidh úsáid ón aer ag córais aerárthaí gan foireann, d'áiritheofaí go ndéanfaí measúnú críochnúil ar aon riosca féideartha do shláinte an duine agus don chomhshaol de dheasca nochtadh do lotnaidicídí den sórt sin mar chuid den phróiseas údaraithe. Ós rud é go rialaítear údaruithe lotnaidicídí faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], ba cheart don Choimisiún sainordú a thabhairt don Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) treoirdhoiciméad a fhorbairt maidir le measúnú riosca ar lotnaidicídí lena leathadh ag córais aerárthaí gan foireann faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 chun a áirithiú go mbeidh creat láidir coimircí i bhfeidhm.

(4) Cuimsítear leis an gcreat reachtach lena rialaítear oibriú córas aerárthaí gan foireann gníomhartha amhail Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún[4]. Ní shainaithnítear leis an gcreat reachtach sin na cineálacha córas aerárthaí gan foireann a d'fhéadfadh a bheith iomchuí lena n-úsáid ag úsáideoirí gairmiúla chun lotnaidicídí a leathadh ón aer. Dá bhrí sin, mar chomhlánú ar threoraíocht shonrach a fhorbairt maidir le measúnú riosca ar lotnaidicídí a d'fhéadfaí a úsáid le haghaidh leathadh trí chórais aerárthaí gan foireann, is gá na cineálacha córas aerárthaí gan foireann a shainaithint a bhfuil rioscaí níos ísle nó rioscaí comhionanna acu maidir le sláinte an duine agus an comhshaol i gcomparáid leis na rioscaí a eascraíonn as trealamh leata talamhbhunaithe le haghaidh na húsáide céanna.

(5) Chun na cineálacha córas aerárthaí gan foireann a fhéadfar a úsáid chun lotnaidicídí a leathadh a shainaithint, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i leith Treoir 2009/128/CE a fhorlíonadh chun na cineálacha córas aerárthaí gan foireann a shainaithint a bhfuil rioscaí níos ísle nó rioscaí comhionanna acu i gcomparáid leis na rioscaí a eascraíonn as trealamh leata talamhbhunaithe le haghaidh na húsáide céanna. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, ba cheart do Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile a fháil an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus ba cheart rochtain

---

2 Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle, IO L 309, 24.11.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/1107/oj).

3 Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ón gComhairle (IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj).

4 Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/947 ón gCoimisiún an 24 Bealtaine 2019 maidir leis na rialacha agus na nósanna imeachta le haghaidh oibriú córas aerárthaí gan foireann (IO L 152, 11.6.2019, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/947/oj).

chórasach a bheith ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú gníomhartha tarmligthe den sórt sin.

(6) I bhfianaise an ghá aghaidh a thabhairt ar na bearnaí eolais agus sonraí a mheastar a bheith fós ann sula bhféadfaí na cineálacha córas aerárthaí gan foireann a shainaithint a bhfuil rioscaí níos ísle nó rioscaí comhionanna acu i gcomparáid leis na rioscaí a eascraíonn as trealamh leata talamhbhunaithe le haghaidh na húsáide céanna, is iomchuí am a thabhairt don Choimisiún dul i gcomhairle le EFSA agus leis na Ballstáit mar ullmhúchán do ghníomh tarmligthe lena sainaithneofar na cineálacha sin córas aerárthaí gan foireann a d'fhéadfaí a dhíolmhú ón toirmeasc ar aerspraeáil. Ba cheart an Coimisiún a chumhachtú gníomh tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 20a chun cineálacha córas aerárthaí gan foireann a shainaithint ar féidir a shuí ina leith go bhfuil na rioscaí a bhaineann le nochtadh do lotnaidicídí do shláinte an duine agus don chomhshaol comhionann le rioscaí ó úsáid trealaimh leata talamhbhunaithe le haghaidh na húsáide céanna nó níos ísle ná na rioscaí sin. Ba cheart glacadh an ghnímh tharmligthe sin a bheith ina réamhchoinníoll don fhéidearthacht go ndéanfadh na Ballstáit na cineálacha sin córas aerárthaí gan foireann a dhíolmhú ón toirmeasc ar aerspraeáil.  Go dtí go sainaithneofar na cineálacha córas aerárthaí gan foireann a d'fhéadfaí a dhíolmhú agus go dtí go ndéanfaidh Ballstát cinneadh na córais aerárthaí gan foireann sainaitheanta sin a dhíolmhú ón toirmeasc ar aerspraeáil, is iomchuí leanúint de cheangal a chur ar úsáideoir gairmiúil iarrataí a chur isteach ar fhormheas aerspraeála ag gach córas aerárthaí gan foireann.

(7) Socraítear le Treoir Uimh. 98/58/CE íoscheanglais maidir le cosaint ainmhithe a choimeádtar chun críoch feirmeoireachta. Faoi láthair ceanglaítear ar úinéirí nó coimeádaithe ainmhithe a choimeádtar chun críoch feirmeoireachta taifid a choimeád ar chóireálacha íocshláinte a thugtar d'ainmhithe agus ar an líon básanna i gcomhréir le pointí 5 agus 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 98/58/CE. In Airteagal 108 de Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] tá ceanglais níos mionsonraithe maidir le coimeád taifead ar úsáid táirgí íocshláinte d'úinéirí nó coimeádaithe bia-ainmhithe. An tráth céanna, le hAirteagal 102(1)(d) agus Airteagal 186(1)(d) de Rialachán Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], ceanglaítear ar oibreoirí taifid a choimeád agus a choinneáil ar bun ina bhfuil faisnéis maidir le básmhaireacht ainmhithe ina mbunaíochtaí. Dá bhrí sin, tá oibleagáidí tuairiscithe comhthreomhara ann le haghaidh phointí 5 agus 6 araon den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 98/58/CE. Ba cheart na hoibleagáidí a fhorchuirtear a shimpliú chun dúbláil na gceanglas maidir le coimeád taifead d'fheirmeoirí a sheachaint. Dá bhrí sin, ba cheart pointí 5 agus 6 den Iarscríbhinn a ghabhann le Treoir 98/58/CE a scriosadh.

(8) Le Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, soláthraítear an creat dlíthiúil is infheidhme maidir le hábhair agus earraí a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia. Le hAirteagal 5(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1935/2004, cumhachtaítear an Coimisiún bearta sonracha a ghlacadh maidir leis na hábhair agus na hearraí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin. Go dtí go nglacfaidh an Coimisiún beart sonrach

---

5 Rialachán (AE) 2019/6 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le táirgí íocshláinte tréidliachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/82/CE (IO L 4, 7.1.2019, lch. 43, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg/2019/6/oj).

6 Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: : http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj).

maidir le hábhair phlaisteacha bia-thadhaill, níor aisghaireadh le Rialachán Uimh. 1935/2004 Treoracha 82/711/CEE[7] ná 85/572/CEE[8] ón gComhairle, lenar leagadh síos na rialacha is gá chun ascnamh na gcomhábhar ábhar agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia-ábhair a thástáil, lena n-áirítear liosta na n-ionsamhlach atá le húsáid chuige sin le haghaidh catagóirí sonracha bia. Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún[9] mar bheart sonrach le haghaidh ábhair agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia. Ós rud é go gcumhdaítear leis an Rialachán ón gCoimisiún na hábhair a rialaítear le Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE, is iomchuí, dá bhrí sin, Treoracha 82/711/CEE agus 85/572/CEE a aisghairm ar chúiseanna deimhneachta dlíthiúla.

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Threoir 2009/128/CE**

Leasaítear Treoir 2009/128/CE mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (5):

‘5. ciallaíonn ‘aerspraeáil’ lotnaidicídí a leathadh ó aerárthach foireannaithe nó ó chóras aerárthaí gan foireann;’;

(b) cuirtear isteach an pointe 5a seo a leanas:

‘5a. ciallaíonn ‘córas aerárthaí gan foireann’ aon aerárthach a bhfuil trealamh ann chun lotnaidicídí a leathadh ón aer, a oibrítear go huathrialach nó a chianrialaítear gan píolóta ar bord;’;

(2) Leasaítear Airteagal 9 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír nua seo a leanas:

‘Ní fhéadfar maolú ar an toirmeasc dá bhforáiltear sa chéad fhomhír ach amháin i gcomhréir le míreanna 2 go 6 den Airteagal seo nó le hAirteagal 9a.’

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte den chéad fhomhír:

‘2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar aerspraeáil a cheadú i gcásanna speisialta ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:’;

(3) cuirtear isteach an tAirteagal 9a nua seo a leanas:

*‘Airteagal 9a*

**Aerspraeáil lotnaidicídí ag córais aerárthaí gan foireann**

---

[7] Treoir 82/711/CEE ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 1982 lena leagtar síos na bunrialacha is gá chun ascnamh na gcomhábhar ábhar agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia-ábhair a thástáil (IO L 297, 23.10.1982, lgh. 26-30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1982/711/oj).

[8] Treoir 85/572/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1985 lena leagtar síos liosta na n-ionsamhlach atá le húsáid chun ascnamh na gcomhábhar ábhar agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia-ábhair a thástáil (IO L 372, 31.12.1985, lgh. 14-21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1985/572/oj).

[9] Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún an 14 Eanáir 2011 maidir le hábhair phlaisteacha agus earraí plaisteacha a bheartaítear a bheith i dtadhall le bia (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 12, 15.1.2011, lgh. 1-89, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/10/oj).

1.De mhaolú breise ar Airteagal 9(1), féadfaidh na Ballstáit, i gcás úsáideoirí gairmiúla, aerspraeáil lotnaidicídí ag córais aerárthaí gan foireann a shainaithnítear de bhun mhír 2 a dhíolmhú ón toirmeasc a leagtar síos san Airteagal sin.

Déanfar lotnaidicídí atá le húsáid le haghaidh aerspraeáil ag córais aerárthaí gan foireann den sórt sin a údarú go sainráite le haghaidh na húsáide sin ag an mBallstát faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 tar éis measúnú sonrach a dhéanamh lena dtugtar aghaidh ar na rioscaí a bhaineann le haerspraeáil.

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe faoin [*OP: cuir isteach an dáta = 4 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] i gcomhréir le hAirteagal 20a lena bhforlíontar an Treoir seo chun na cineálacha córas aerárthaí gan foireann a shainaithint a bhfuil rioscaí níos ísle nó rioscaí comhionanna acu i gcomparáid leis na rioscaí a eascraíonn as trealamh leata talamhbhunaithe le haghaidh na húsáide céanna.';

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 20a:

*"Airteagal 20a*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 8(7), Airteagal 9a(2), Airteagal 14(4) agus Airteagal 15(1) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse [*OP: cuir isteach an dáta = cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*]. Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná 9 mí roimh dheireadh na tréimhse 5 bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligean na cumhachta. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 5(3), Airteagal 8(7), Airteagal 9a(2), Airteagal 14(4) agus Airteagal 15(1) a chúlghairm aon tráth. Le cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfear deireadh le tarmligean na cumhachta a bheidh sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.

4. Sula nglacfaidh sé gníomh tarmligthe, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúchán le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([6]).

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 5(3), Airteagal 8(7), Airteagal 9a(2), Airteagal 14(4), agus Airteagal 15(1) i

bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú 2 mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.'.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Threoir 98/58/CE**

Scriostar pointí 5 agus 6 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/58/CE.

*Airteagal 3*

**Treoir 82/711/CEE agus Treoir 85/572/CEE a aisghairm**

1. Aisghairtear Treoir 82/711/CEE agus Treoir 85/572/CEE le héifeacht ón [*OP: cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm na Treorach seo*].

2. Déanfar tagairtí do na Treoracha aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 10/2011 ón gCoimisiún.

*Airteagal 4*

**Trasuí**

1.Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagal 1 den Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [*OP: cuir isteach an dáta = 5 bliana tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] ar a dhéanaí. Cuirfidh siad téacs na bhforálacha sin in iúl don Choimisiún láithreach.

2. Déanfaidh na Ballstáit na dlíthe, na rialacháin agus na forálacha riaracháin is gá chun Airteagail 2 agus 3 den Treoir seo a chomhlíonadh a thabhairt i bhfeidhm faoin [*OP: cuir isteach an dáta = 2 bhliain tar éis theacht i bhfeidhm na Treorach seo*] ar a dhéanaí. Nuair a ghlacfaidh na Ballstáit na forálacha dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, beidh tagairt iontu don Treoir seo nó beidh tagairt den sórt sin ag gabháil leo tráth a bhfoilsithe oifigiúil. Is iad na Ballstáit a chinnfidh an bealach le tagairt den sórt sin a dhéanamh.

3. Déanfaidh na Ballstáit téacs phríomhfhorálacha an dlí náisiúnta a ghlacfaidh siad sa réimse a chumhdaítear leis an Treoir seo a chur in iúl don Choimisiún.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 6*

**Seolaithe**

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*